Parlaimint na hEorpa

Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide

Cuairteanna ar na Seomraí Tionóil – Bainistiú Cuairteanna Grúpa

Fógra um Chosaint Sonraí

An nuashonrú deireanach: Samhain 2025

Cuirimid, Parlaimint na hEorpa, an fógra seo ar fáil duit chun tú a chur ar an eolas faoi phróiseáil do shonraí pearsanta agus tú páirteach i dturas ar cheann dár seomraí tionóil i gcomhthéacs cuairt ghrúpa.

Próiseálaimid do shonraí pearsanta bunaithe ar Rialachán (AE) 2018/1725 (dá ngairtear 'an Rialachán' anseo feasta).

1. Cé hé an rialaitheoir sonraí?

Tá Parlaimint na hEorpa (PE), go beacht an tAonad um Ghrúpaí Cuairteoirí agus um Chuairteanna ar an Seomra Tionóil in Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide, ag gníomhú mar rialaitheoir sonraí agus déanann a Cheann Aonaid ionadaíocht uirthi.

2. Conas a phróiseáiltear do shonraí pearsanta agus cad chuige?

Is chun na gcríoch seo a leanas a dhéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil:

Cuspóir 1: Do chuairt a chur in áirithe mar chuid de ghrúpa cuairteoirí urraithe nó neamhurraithe, lena n-áirítear rochtain a thabhairt duit ar ár n-áitreabh (nós imeachta creidiúnaithe)

Cuspóir 2: Do chuairt mar chuid de ghrúpa cuairteoirí urraithe nó neamhurraithe a eagrú trí do cheannaire grúpa

Cuspóir 3: Gnéithe riaracháin agus airgeadais de do chuairt a bhainistiú mar chuid de ghrúpa cuairteoirí urraithe

3. Cad iad na sonraí pearsanta a phróiseáiltear?

Is iad na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas a phróiseálfar:

Gach rannpháirtí:

- Sloinne
- Céadainm

- Dáta breithe
- Seoladh poist (Sráid, Uimhir, Cód poist, Cathair, Réigiún/Contae/Cúige, Tír)
- Seoladh ríomhphoist
- Náisiúntacht
- Cineál aitheantais
- Uimhir aitheantais
- Dáta éaga an aitheantais

I gcás cheannaire na ngrúpaí urraithe:

- Seoladh ríomhphoist
- Seoladh poist (Sráid, Uimhir, Cód poist, Cathair, Réigiún/Contae/Cúige, Tír)
- Teanga
- Cineál aitheantais
- Uimhir aitheantais
- Dáta éaga an aitheantais
- Tír aitheantais
- Uimhir theileafóin
- Ainm na cuideachta
- Sealbhóir an chuntais
- Ainm an bhainc
- SWIFT/BIC
- IBAN

Ina theannta sin, d'fhéadfaimis na nithe seo a leanas a phróiseáil:

- Cruthúnas ar mhíchumas más rannpháirtí urraithe thú atá incháilithe d'fhóirdheontas breise bunaithe ar mhíchumas;
- Cruthúnas cónaithe más rannpháirtí urraithe thú ó thír lasmuigh den Aontas.

4. CAD É AN BUNÚS DLÍ ATÁ LEIS AN BPRÓISEÁIL?

Chun na gcríoch uile, is é Airteagal 5.1(b) de Rialachán (AE) 2018/1725 an bunús dlí chun do shonraí a phróiseáil – i.e. oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh.

Leagtar síos an oibleagáid sin sa mhéid seo a leanas:

- Airteagal 13 agus Airteagal 16 de Rialacha Pharlaimint na hEorpa maidir le fáilte a chur roimh ghrúpaí cuairteoirí an 16 Nollaig 2002, arna leasú go deireanach an 18 Eanáir 2021;
- Fógra 11/2019 ó na Caestóirí maidir le cur chun feidhme Airteagal 23 de na Rialacha lena rialaítear fáilte a chur roimh ghrúpaí cuairteoirí agus lena mbunaítear ranníocaíocht airgeadais bhreise do chuairteoirí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

5. CÁ FHAD A DHÉANFAR DO SHONRAÍ PEARSANTA A STÓRÁIL?

Stórálfar do shonraí pearsanta chun na cuairteanna a bhainistiú agus a eagrú:

- I gcás grúpaí neamhurraithe, coinnítear sonraí ar feadh bliain amháin ar chúiseanna slándála (Ard-Stiúrthóireacht um Shlándáil agus Sábháilteacht i bParlaimint na hEorpa).
- I gcás grúpaí urraithe, coinnítear sonraí 5 bliana tar éis urscaoileadh Pharlaimint na hEorpa (de ghnáth 7 mbliana san iomlán ón uair a bhailítear iad), mar a cheanglaítear le Rialachán Airgeadais an Aontais;

Tar éis na dtréimhsí sin, déantar sonraí a anaithnidiú chun críocha staidrimh.

6. CÉ HIAD PRÓISEÁLAITHE DO SHONRAÍ PEARSANTA?

Ní chomhroinnimid do shonraí le haon phróiseálaí.

7. CÉ HIAD FAIGHTEOIRÍ DO SHONRAÍ PEARSANTA?

Is iad seo a leanas faighteoirí do shonraí pearsanta:

I gcás gach grúpa:

- An Ard-Stiúrthóireacht um Shlándáil agus Sábháilteacht (AS SAFE) ar chúiseanna creidiúnaithe agus slándála – féach taifead 818 'Creidiúnú Cuairteoirí' atá ar fáil inár gClárlann phoiblí um Chosaint Sonraí.

I gcás grúpaí urraithe:

- Ard-Stiúrthóireacht an Airgeadais (AS FINS) le haghaidh fíorú, rialuithe *ex-post*, agus íocaíochtaí dúbailte a chosc faoin gclár 'Buail le d'Fheisire'.
- An tAonad um Iniúchóireacht Inmheánach i bParlaimint na hEorpa i gcás iniúchóireacht inmheánach.

Ina theannta sin, féadfar sonraí a nochtadh don Chúirt Iniúchóirí i gcás iniúchóireachta.

8. An ndéanfar do shonraí pearsanta a chomhroinnt le tír nach bhfuil san Aontas Eorpach nó le heagraíocht idirnáisiúnta?

Ní dhéanfar. Ní chomhroinnfear do shonraí pearsanta le haon tír nach bhfuil san Aontas Eorpach ná le heagraíocht idirnáisiúnta.

9. An úsáidimid aon phróisis uathoibríocha agus/nó próisis phróifílithe chun cinntí a dhéanamh a d'fhéadfadh dul i gcion ort?

Ní úsáideann. Níor chuireamar aon phróisis uathoibríocha agus/nó próisis phróifílithe chun feidhme lena ndéantar cinntí a d'fhéadfadh dul i gcion ort.

10. Mura bhfuarthas sonraí pearsanta uait, cad is foinse dóibh?

Ní bhailímid aon sonraí ó aon fhoinse eile seachas uait féin.

11. Cad iad na cearta atá agat?

Faoi Chaibidil III (Airteagail 14-25) den Rialachán, tá na cearta seo a leanas agat:

- An ceart rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta.
- An ceart go ndéanfaí do shonraí pearsanta a cheartú.
- I gcás inarb infheidhme – An ceart go ndéanfaí do shonraí pearsanta a scriosadh.
- I gcás inarb infheidhme – An ceart go gcuirfí srian le próiseáil.
- I gcás inarb infheidhme – An ceart chun iniomparthachta sonraí.
- I gcás inarb infheidhme – An ceart cur i gcoinne próiseála.
- An ceart chun gearán a dhéanamh.

12. Conas is féidir leat do chearta a fheidhmiú?

Is féidir leat do chearta a fheidhmiú trí theagmháil a dhéanamh leis an rialaitheoir sonraí trí ríomhphost ag visit@europarl.europa.eu nó tríd an bpost, i gclúdach litreach séalaithe, ag: An tAonad um Ghrúpaí Cuairteoirí agus um Chuairteanna ar an Seomra Tionóil, Faoi bhráid: Ceann Aonaid, Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide, Parlaimint na hEorpa, 60 rue Wiertz / Wiertzstraat 60, B-1047 – Bruxelles/An Bhruiséil.

Parlaimint na hEorpa

Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide

Má tá aon bharúlacha nó gearáin agat faoin mbealach a ndéantar do shonraí pearsanta a phróiseáil, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa ag data-protection@europarl.europa.eu.

Tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ag edps@edps.europa.eu má mheasann tú gur sáraíodh do chearta faoi Rialachán (AE) 2018/1725 mar thoradh ar do shonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag an Rialaitheoir Sonraí.

Más mian leat breis eolais a fháil, is féidir leat féachaint ar Chlárlann Pharlaimint na hEorpa um Chosaint Sonraí, ina dtugtar fógra faoi gach oibríocht próiseála sonraí pearsanta.